Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14858/21**

**AGRI 630**
**AGRIFIN 163**
**FIN 970**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14477/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Exceptional support for EU milk producers in 2014–2016: Acmhainneacht chun éifeachtúlacht a fheabhsú amach anseo*' [Tacaíocht eisceachtúil do tháirgeoirí bainne an Aontais in 2014-2016: Acmhainneacht chun éifeachtúlacht a fheabhsú amach anseo]<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2021: 'Tacaíocht eisceachtúil do tháirgeoirí bainne an Aontais in 2014-2016: Acmhainneacht chun éifeachtúlacht a fheabhsú amach anseo'*

a ghlac an Chomhairle ag an 3838ú cruinniú a bhí aici, an 12 Nollaig 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Tacaíocht eisceachtúil do tháirgeoirí bainne an Aontais in 2014-2016: Acmhainneacht chun éifeachtúlacht a fheabhsú amach anseo'***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2021 ón gCúirt dar teideal 'Tacaíocht eisceachtúil do tháirgeoirí bainne an Aontais in 2014-2016: Acmhainneacht chun éifeachtúlacht a fheabhsú amach anseo]', lena ndéantar measúnú ar cibé a dearadh nó nár dearadh go cuí na bearta eisceachtúla a glacadh chun gníomhú in aghaidh an tsuaite a bhí i bhfeidhm ar an margadh déiríochta sa tréimhse 2014-2016[1] nó an raibh acu an éifeacht ba bheartaithe dóibh;

2. TUGANN SÍ moltaí na Cúirte don Choimisiún DÁ hAIRE maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh: dul i ngleic le míchothromaíochtaí sa mhargadh amach anseo agus rósholáthar a sheachaint agus an riosca a bhaineann le marbhualach a laghdú ag an am céanna; a áirithiú go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as cistí poiblí trí thairseacha a bhunú chun anailís a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí féideartha margaidh agus trí thacaíocht a nascadh le cuspóirí agus spriocanna soiléire; agus ceachtanna a fhoghlaim ón suaitheadh a tharla ar an margadh idir 2014-2016 d'fhonn ullmhacht a mhéadú le haghaidh suaitheadh sa mhargadh amach anseo;

3. MEABHRAÍTEAR DI, má tharlaíonn mórshuaitheadh ar an margadh, mar a tharla in 2014-2016, i gcás ina gcruthaíonn an praghas sna margaí luaineacha talmhaíochta fadhbanna suntasacha leachtachta d'fheirmeoirí, go bhfuil an deis ag an reachtóir sraith ionstraimí a chur ar fáil, lena n-áirítear solúbthacht in íocaíochtaí díreacha chun ioncam feirmeoirí a chobhsú, idirghabháil mhargaidh ('líontán sábhála ') chun tacú le praghsanna trí bharrachas a bhaint go sealadach (idirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach), mar aon le bearta eisceachtúla a thabhairt isteach chun dul i ngleic le suaitheadh sa mhargadh;

---

[1] In 2014-2016, tharla mórshuaitheadh margaidh ar earnáil déiríochta an Aontais: in 2014-2015, mar gheall ar phraghsanna arda agus dea-dhálaí aimsire, tháinig méadú ar tháirgeadh an bhainne san Aontais, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Nua-Shéalainn, agus is ar éigean a d'ionsúigh an fás i dtomhaltas intíre agus in onnmhairí leath an mhéid sin, go príomha mar gheall ar an moilliú a tháinig ar allmhairí ón tSín agus mar gur tugadh isteach an toirmeasc ar allmhairí ón Rúis.

4. ADMHAÍONN SÍ gurbh éigean, mar gheall ar a phráinní a bhí cúrsaí in earnáil na déiríochta, rogha a dhéanamh idir anailís chuimsitheach agus gníomhaíocht mhear ach CREIDEANN SÍ go raibh na bearta a rinneadh sa tréimhse 2014-2016 bunaithe ar anailísí agus measúnuithe iomchuí a raibh na Ballstáit lánpháirteach iontu, agus go raibh na bearta sin ina dtaca ag athshlánú na hearnála déiríochta ar bhealach solúbtha agus pragmatach cé gur deireanach go maith i bpróiseas bainistithe na géarchéime a tugadh isteach roinnt díobh, amhail an scéim dheonach chun táirgeadh bainne a laghdú;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh an scéim chun táirgeadh bainne a laghdú dírithe go príomha ar thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na feirmeoirí sin a chuir an soláthar in oiriúint don éileamh, rud a chuidigh le hathchothromú mhargadh déiríochta an Aontais agus le tionchar a imirt, ar deireadh, ar théarnamh phraghas an bhainne;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ar bhealach ginearálta, i gcomhréir le níos mó den treoshuíomh margaidh, gur cheart ar an gcéad dul síos do rannpháirtithe sa mhargadh aghaidh a thabhairt iad féin ar luaineachtaí soláthair, éilimh agus praghsanna trí choigeartuithe iomchuí a dhéanamh ina dtáirgeadh féin agus gur mar rogha dheiridh i gcás suaitheadh sa mhargadh is ceart líontán sábhála nó bearta eile a mheas;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún, den chuid is mó, leis na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na ceachtanna a foghlaimíodh ón suaitheadh a tharla ar an margadh idir 2014-2016 a chur san áireamh nuair a tharlóidh géarchéimeanna amach anseo (lena n-airítear paindéimí amhail COVID), mar shampla trí fhéachaint ar na héifeachtaí a bhíonn ag cabhair eisceachtúil ar iompraíocht agus ar leachtacht feirmeacha déiríochta agus ar chobhsaíocht an mhargaidh, agus ar an ról a bhíonn ag táirgeoirí agus ag déirithe chun rioscaí a bhainistiú;

8. MOLANN SÍ gur cheart do na faireachlanna margaidh a bunaíodh faoin gComhbheartas Talmhaíochta measúnú leanúnach a dhéanamh ar shuaitheadh sa mhargadh agus éabhlóid na gcorrlach i dtaca le gach céim den bhiashlabhra á cur san áireamh, go háirithe ar leibhéal na feirme.